Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 23 Iúil 2026**
**(OR. en)**

**12169/26**

**DENLEG 83**
**FOOD 111**
**SAN 613**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | An Coimisiún Eorpach |
| dáta a fuarthas: | 23 Iúil 2026 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | D114904/02 |
| Ábhar: | RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN<br>an XXX<br>lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 lena leagtar síos sonraíochtaí le haghaidh breiseáin bhia a liostaítear in Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le sonraíochtaí le haghaidh gliocóisídí steibhióil a tháirgtear go heinsímeach chun ribidióisíd M a tháirgtear trí thiontú einsímeach a dhéanamh ar eastóscáin duilleog *stevia* ribidióisíde A ardíonaithe (E 960c(ii)) trí úsáid á bhaint as giosta géinmhodhnaithe K. phaffii CGMCC 7539 a chur leis an Iarscríbhinn sin |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad D114904/02.

---

Faoi iamh: D114904/02

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, XXX
PLAN/2025/2943
[Pool/E2/2025/2943/2943-EN]
D114904/02
[…](2026) XXX draft

**RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN**

**an XXX**

**lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 lena leagtar síos sonraíochtaí le haghaidh breiseáin bhia a liostaítear in Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le sonraíochtaí le haghaidh gliocóisídí steibhióil a tháirgtear go heinsímeach chun ribidióisíd M a tháirgtear trí thiontú einsímeach a dhéanamh ar eastóscáin duilleog *stevia* ribidióiside A ardíonaithe (E 960c(ii)) trí úsáid á bhaint as giosta géinmhodhnaithe K. phaffii CGMCC 7539 a chur leis an Iarscríbhinn sin**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

GA GA

**RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN**

**an XXX**

**lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 lena leagtar síos sonraíochtaí le haghaidh breiseáin bhia a liostaítear in Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le sonraíochtaí le haghaidh gliocóisídí steibhióil a tháirgtear go heinsímeach chun ribidióisíd M a tháirgtear trí thiontú einsímeach a dhéanamh ar eastóscáin duilleog *stevia* ribidióiside A ardíonaithe (E 960c(ii)) trí úsáid á bhaint as giosta géinmhodhnaithe K. phaffii CGMCC 7539 a chur leis an Iarscríbhinn sin**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le breiseáin bia[1], agus go háirithe Airteagal 14 de,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1331/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 lena mbunaítear nós imeachta comhchoiteann údaraithe maidir le breiseáin bia, maidir le heinsímí bia agus maidir le blastáin bia[2], agus go háirithe Airteagal 7(5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 ón gCoimisiún[3] leagtar síos sonraíochtaí le haghaidh breiseáin bhia a liostaítear in Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008.

(2) Féadfar na sonraíochtaí le haghaidh breiseáin bhia a thabhairt cothrom le dáta i gcomhréir leis an nós imeachta comhchoiteann dá dtagraítear in Airteagal 3(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1331/2008, ar thionscnamh an Choimisiúin nó tar éis iarratas a fháil ó Bhallstát nó ó pháirtí leasmhar.

(3) An breiseán bia ‘gliocóisídí steibhióil a tháirgtear go heinsímeach’ (E 960c) atá údaraithe faoi láthair, tá sé san áireamh sa ghrúpa ‘gliocóisídí steibhióil (E960a-E960c)’ i gCuid C d’Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008.

(4) Foráiltear le Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 go dtáirgtear ‘ribidióisíd M a tháirgtear trí thiontú einsímeach a dhéanamh ar eastóscáin duilleog *stevia* ribidióiside A ardíonaithe’ (E 960c(ii)) trí úsáid a bhaint as trasfaráis UDP-glúcóisile agus einsímí

[1] IO L 354, 31.12.2008, lch. 16, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2008/1333/oj.

[2] IO L 354, 31.12.2008, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2008/1331/oj.

[3] Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 ón gCoimisiún an 9 Márta 2012 lena leagtar síos sonraíochtaí le haghaidh breiseáin bhia a liostaítear in Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 83, 22.3.2012, lch. 1), ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/231/oj.

siontáise siúcróise arna dtáirgeadh ag na tréithchineálacha géinmhodhnaithe de *E. coli* (pPM294, pFAF170 agus pSK401).

(5) An 22 Nollaig 2022 cuireadh iarratas faoi bhráid an Choimisiúin ar leasú ar na sonraíochtaí le haghaidh ribidióisíd M a tháirgtear trí mhodhnú einsímeach a dhéanamh ar ghliocóisídí steibhióil ó *stevia* (E 960c(i)) chun ribidióisíd M a tháirgtear trí bhith-thiontú einsím-chatalaithe trí úsáid a bhaint as giosta géinmhodhnaithe *K. phaffii* CGMCC 7539 a chur leis na sonraíochtaí sin. Mar sin féin, le linn an mheasúnaithe riosca, rinne an t-iarratasóir athbhreithniú ar a mholadh bunaidh agus d'iarr sé go leasófaí na sonraíochtaí le haghaidh Ribidióisíd M a tháirgtear trí thiontú einsímeach a dhéanamh ar eastóscáin duilleog stevia ribidióiside A ardíonaithe (E 960c(ii)) ina ionad sin. Chuir an Coimisiún an t-iarratas ar fáil do na Ballstáit de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1331/2008.

(6) Sa tuairim a foilsíodh an 14 Bealtaine 2025[4], rinne an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') meastóireacht ar shábháilteacht an leasaithe atá beartaithe ar na sonraíochtaí le haghaidh ribidióisíd M a tháirgtear trí bhith-thiontú einsím-chatalaithe trí úsáid a bhaint as giosta géinmhodhnaithe *K. phaffii* CGMCC 7539. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid nach bhfuil aon ábhar imní sábháilteachta ann maidir leis an leasú atá beartaithe ar shonraíochtaí E 960c(i) nó E 960c(ii) san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 a bhaineann le húsáid an tréithchineáil ghéinmhodhnaithe *K. phaffii* CGMCC 7539 i bpróiseas monaraíochta an bhreiseáin bia Ribidióisíd M a tháirgtear trí bhith-thiontú einsím-chatalaithe. Mheas an tÚdarás gur faoi shainchúram na mbainisteoirí riosca atá sé a chinneadh ar cheart leasú ar shonraíochtaí E 960c(i) nó E 960c(ii) atá ann cheana a theacht chun cinn mar thoradh ar na hathruithe atá beartaithe ar na sonraíochtaí. Ina theannta sin, mhol an tÚdarás iontráil shonrach a thabhairt isteach le haghaidh aigéad caimhréanóch sna sonraíochtaí atá beartaithe.

(7) Dá bhrí sin, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 a leasú dá réir.

(8) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

[4] Painéal EFSA maidir le Breiseáin Bhia agus Blastáin (2025). Sábháilteacht an leasaithe atá beartaithe ar shonraíochtaí an bhreiseáin bia E960c(i) nó E960c(ii). *EFSA Journal* [Iris EFSA], 2025;23:e9396, https://doi.org/10.2903/j.efsa.2025.9396.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*